# Nóta Faisnéise

**maidir leis an sásra sásaimh do dhaoine aonair san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch i ndáil le sáruithe líomhnaithe ar dhlí na Stát Aontaithe i leith a gcuid sonraí arna mbailiú ag údaráis na Stát Aontaithe atá inniúil ar shlándáil náisiúnta**

**Comhthéacs maidir le gearáin faoi rochtain rialtais ag údaráis faisnéise na Stát Aontaithe**

An 10 Iúil 2023, ghlac an Coimisiún Eorpach Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 4745 uaidh maidir leis an leibhéal leordhóthanach cosanta sonraí pearsanta faoi **Chreat Príobháideachais Sonraí an Aontais Eorpaigh-na Stát Aontaithe** (‘Cinneadh Leordhóthanachta maidir leis an gCreat Príobháideachais Sonraí’)[1].

Baineann gné thábhachtach de chreat dlíthiúil na Stát Aontaithe, ar a bhfuil an cinneadh leordhóthanachta bunaithe, le h**Ordú Feidhmiúcháin 14086** maidir le ‘Coimircí a Fheabhsú do Ghníomhaíochtaí Faisnéise Comharthaí na Stát Aontaithe’[2], rud a shínigh an tUachtarán Biden an 7 Deireadh Fómhair 2022 agus a bhfuil rialacháin arna nglacadh ag Ard-Aighne na Stát Aontaithe ag gabháil leis, mar aon le beartais agus nósanna imeachta ábhartha arna nglacadh ag Oifig an Stiúrthóra um Fhaisnéis Náisiúnta sna Stáit Aontaithe agus ag gníomhaireachtaí faisnéise na Stát Aontaithe.

Le hOrdú Feidhmiúcháin 14086, bunaíodh **sásra nua sásaimh i réimse na slándála náisiúnta** chun gearáin ó ábhair sonraí san Aontas Eorpach agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a láimhseáil agus a réiteach,[3] ar gearáin iad ina líomhnaítear go bhfuair gníomhaíochtaí faisnéise comharthaí na Stát Aontaithe rochtain neamhdhleathach ar a gcuid sonraí pearsanta a tarchuireadh ón Aontas Eorpach agus ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chuig na Stáit Aontaithe agus gur úsáid na gníomhaíochtaí sin na sonraí sin ar bhealach neamhdhleathach.[4] Dá bhrí sin, is iad gearáin a bhaineann le slándáil náisiúnta, agus na gearáin sin amháin, a bhreithneofar faoin sásra sásaimh seo. **Tá feidhm ag an sásra sásaimh seo beag beann ar an uirlis aistrithe a úsáidtear chun sonraí pearsanta na ngearánach a aistriú chuig na Stáit Aontaithe** (i.e., Cinneadh Leordhóthanachta maidir leis an gCreat Príobháideachais Sonraí, clásail chonarthacha chaighdeánacha nó ad hoc[5], rialacha ceangailteacha corparáideacha[6], cóid iompair[7], sásraí deimhniúcháin[8], agus maoluithe[9]). Mar sin féin, níl feidhm ag an sásra sásaimh seo ach amháin maidir le sonraí a tarchuireadh **tar éis an 10 Iúil 2023**.

*Tabhair faoi deara gur féidir faisnéis a fháil anseo faoin bhféidearthacht atá ann gearán a dhéanamh faoin dóigh a bhfuil eagraíocht phríobháideach sna Stáit Aontaithe ag comhlíonadh na bprionsabal atá leagtha amach sa Chreat Príobháideachais Sonraí: https://www.edpb.europa.eu/our-work-tools/our-documents/other- guidance/eu-us-data-privacy-framework-template-complaint-form en*

**Conas is féidir gearán a thaisceadh?**

Ní mór gearáin a sheoladh **chuig an údarás náisiúnta cosanta sonraí san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch** atá inniúil don duine aonair. Is féidir liosta de na húdaráis cosanta sonraí sna Ballstáit den Aontas Eorpach/den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a fháil anseo: https://edpb.europa.eu/about-edpb/about-edpb/members en.

[1] Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 4745 ón gCoimisiún Eorpach an 10 Iúil 2023, de bhun Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (‘**RGCS’**) maidir leis an leibhéal leordhóthanach cosanta sonraí pearsanta faoi Chreat Príobháideachais Sonraí an Aontais Eorpaigh-na Stát Aontaithe (‘**Cinneadh Leordhóthanachta maidir leis an gCreat Príobháideachais Sonraí**’). Sa Chinneadh sin, chinn an Coimisiún go gcinntíonn na Stáit Aontaithe, chun críche Airteagal 45 RGCS, leibhéal leordhóthanach cosanta le haghaidh sonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas Eorpach chuig eagraíochtaí sna Stáit Aontaithe atá ar áireamh i ‘Liosta an Chreata Príobháideachais Sonraí’, rud a choimeádann Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe agus a chuireann sí ar fáil go poiblí (Airteagal 1 den Chinneadh Leordhóthanachta) agus atá ar fáil ag: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:32023D1795.

[2] Ordú Feidhmiúcháin an 7 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Coimircí a Fheabhsú do Ghníomhaíochtaí Faisnéise Comharthaí na Stát Aontaithe.

[3] Ba cheart na tagairtí don “**Aontas Eorpach**” a dhéantar ar fud an doiciméid seo a thuiscint mar thagairtí don “**Limistéar Eorpach Eacnamaíoch**”.

[4] Tá tuilleadh sonraíochtaí maidir leis an sásra sásaimh seo leagtha amach freisin in Ordú Feidhmiúcháin 14086, rud a chomhlánaítear leis an Rialachán ón Ard-Aighne maidir leis an gCúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí; féach freisin Nósanna Imeachta Cur Chun Feidhme don Sásra Sásaimh um Fhaisnéis Comharthaí faoi bhun Ordú Feidhmiúcháin 14086 (‘Treoir Faisnéise 126’), atá ar fáil ag: https://www.dni.gov/files/documents/ICD/ICD 126-Implementation-Procedures-for-SIGINT-Redress-Mechanism.pdf.

[5] Clásail chonarthacha chaighdeánacha de réir Airteagal 46(2)(c) nó (d) RGCS, nó clásail chonarthacha ad hoc de réir Airteagal 46(3)(a) RGCS.

[6] Airteagal 46(2)(b) RGCS.

[7] Airteagal 46(2)(e) RGCS.

[8] Airteagal 46(2)(f) RGCS.

[9] Airteagal 49 RGCS.

*[Ghlac EDPB **Rialacha Nós Imeachta** chun treoir a thabhairt d'údaráis cosanta sonraí maidir lena gcuid cúraimí agus freagrachtaí faoi seach.]* Bunaíodh **foirm gearáin aonair ón Aontas Eorpach** ionas go bhféadfadh daoine aonair san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch gearáin a chur isteach chuig an Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta. [https://www.edpb.europa.eu/our-work-tools/our-documents/other-guidance/template-complaint-form-us-office-director-national en](https://www.edpb.europa.eu/our-work-tools/our-documents/other-guidance/template-complaint-form-us-office-director-national_en)

**Conas a láimhseálfaidh an t-údarás cosanta sonraí an gearán?**

Déanfaidh an t-údarás náisiúnta cosanta sonraí san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch **céannacht na ngearánach aonair a fhíorú**[10] (chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi conas a láimhseálfaidh údaráis cosanta sonraí an fíorú sin, féach freisin: Nasc chuig nós imeachta gach údaráis cosanta sonraí) **agus seiceálfaidh sé an bhfuil an gearán iomlán agus an gcomhlíonann sé na coinníollacha** atá leagtha amach i ndlí na Stát Aontaithe[11].

Go háirithe, fíoróidh an t-údarás cosanta sonraí na nithe seo a leanas:

- Céannacht an ghearánaigh agus an bhfuil sé/sí ag gníomhú thar a c(h)eann féin amháin agus nach bhfuil sé/sí ag gníomhú mar ionadaí d'eagraíocht rialtasach, neamhrialtasach nó idir-rialtasach;
- An gcreideann an gearánach gur sáraíodh ceann amháin nó níos mó de dhlíthe na Stát Aontaithe, más rud é go bhfuair gníomhaireachtaí faisnéise na Stát Aontaithe rochtain neamhdhleathach ar shonraí pearsanta an ghearánaigh, nó ar shonraí pearsanta faoin ngearánach, tar éis a s(h)onraí pearsanta a tharchur ón Aontas Eorpach chuig na Stáit Aontaithe;
- An bhfuil an fhaisnéis ábhartha ar fad sa ghearán, agus í i scríbhinn (trí ríomhphost freisin) (**ní gá é a bheith léirithe san fhaisnéis sin go raibh sonraí an ghearánaigh faoi réir ghníomhaíochtaí faisnéise comharthaí na Stát Aontaithe i ndáiríre)**:
    - aon fhaisnéis atá mar bhunús leis an ngearán, lena n-áirítear mionsonraí an chuntais ar líne nó an aistrithe sonraí pearsanta a gcreidtear gurbh fhéidir go bhfuarthas rochtain orthu;
    - cineál an fhaoisimh atá á lorg[12];
    - na modhanna sonracha ar tríothu a chreidtear gur tarchuireadh sonraí pearsanta an ghearánaigh, nó sonraí pearsanta faoin ngearánach, chuig na Stáit Aontaithe;
    - an t-eintiteas nó na heintitis de chuid Rialtas na Stát Aontaithe a gcreidtear go raibh siad páirteach i sonraí pearsanta an ghearánaigh, nó sonraí pearsanta faoin ngearánach, a rochtain (más eol);
    - agus aon bhearta eile arbh fhéidir go ndearna an gearánach iad chun an fhaisnéis nó an faoiseamh a iarradh a fháil, agus an freagra a fuarthas mar thoradh ar na bearta eile sin;
    - an mbaineann an gearán le sonraí pearsanta an ghearánaigh, nó sonraí pearsanta faoin ngearánach, a gcreidtear gur aistríodh iad chuig na Stáit Aontaithe tar éis an 10 Iúil 2023;
- Nach bhfuil an gearán suaibhreosach ná cráiteach agus nach ndearnadh de mheon mímhacánta é.

Tar éis an fhíorúcháin sin, agus más rud é go gcinnfear an gearán a bheith iomlán, tarchuirfidh an t-údarás cosanta sonraí é, i bhformáid chriptithe, chuig **Rúnaíocht an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí**

[10] Ordú Feidhmiúcháin 14086, Alt 4(k)(v) agus Alt E(1)(c)(8) de Threoir Faisnéise 126.
[11] Ordú Feidhmiúcháin 14086, Alt 4(k)(i)-(iv).
[12] Is féidir go n-áireofar le faoiseamh den sórt sin bearta dleathacha arb é is aidhm dóibh sárú sainaitheanta a chur go hiomlán ina cheart. Ar bhealach neamh-uileghabhálach, is féidir go n-áireofar iad seo a leanas leis sin: bearta riaracháin atá ceaptha chun sáruithe nós imeachta nó sáruithe teicniúla a leigheas; do shonraí pearsanta a fuarthas gan údarú dleathach a scriosadh; torthaí fiosruithe míchuí a scriosadh i leith sonraí pearsanta a bailíodh go dleathach; srian a chur le rochtain ar do shonraí pearsanta.

**('Rúnaíocht EDPB')**[13]. **Tarchuirfidh an Rúnaíocht an gearán ansin,** i bhformáid chriptithe[14], chuig údaráis na Stát Aontaithe atá inniúil chun an gearán a láimhseáil, is é sin, **an tOifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta** de chuid Oifig an Stiúrthóra um Fhaisnéis Náisiúnta[15].

**Cad is ról an Oifigigh um Chosaint Saoirsí Sibhialta ann?**

Tá an tOifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta i gceannas ar imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán chun a chinneadh ar sáraíodh na coimircí dá bhforáiltear in Ordú Feidhmiúcháin 14086 nó in aon dlí eile is infheidhme de chuid na Stát Aontaithe agus, má sáraíodh iad, cinnfidh an tOifigeach an leigheas cuí ceangailteach[16]. Tabharfaidh an tOifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta freagra[17] go tráthúil don údarás cosanta sonraí, trí Rúnaíocht EDPB. Deimhneofar an méid seo a leanas sa fhreagra sin:

(1) "Níor sainaithníodh san athbhreithniú aon sáruithe cumhdaithe, nó d'eisigh an tOifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta de chuid Oifig an Stiúrthóra um Fhaisnéis Náisiúnta cinneadh lena gceanglaítear leigheas cuí"[18]. Sa fhreagra caighdeánaithe uaidh/uaithi[19], ní dheimhneoidh ná ní shéanfaidh an tOifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta de chuid Oifig an Stiúrthóra um Fhaisnéis Náisiúnta an raibh an gearánach ina (h)ábhar d'fhaireachas. Ní dheimhneoidh sé/sí ach oiread an leigheas sonrach a cuireadh i bhfeidhm;

(2) Féadfaidh an gearánach nó aon dream de Phobal Faisnéise na Stát Aontaithe iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú ar an gcinneadh ón Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta trí achomharc a chur isteach chuig an gCúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí; agus

(3) Más rud é go ndéanfaidh an gearánach nó aon dream den Phobal Faisnéise iarratas ar athbhreithniú ón gCúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí, roghnóidh an Chúirt Athbhreithnithe abhcóide speisialta chun tacú le leas an ghearánaigh sa ní ('**Abhcóide Speisialta**').

Beidh an cinneadh ón Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta ina cheangal ar na dreamanna den Phobal Faisnéise[20].

Seolfaidh an tOifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta an freagra uaidh/uaithi, i bhformáid chriptithe, chuig Rúnaíocht EDPB. Tarchuirfidh an Rúnaíocht é ansin, i bhformáid chriptithe freisin, chuig an údarás náisiúnta cosanta sonraí a fuair an gearán ar dtús. Ina dhiaidh sin, cuirfidh an t-údarás cosanta sonraí sin an gearánach ar an eolas faoin bhfreagra ón Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta (lena n-áirítear aistriúchán ó Bhéarla, más gá agus a mhéid is gá).

**Conas a fhéadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ón Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta?**

Féadfaidh gearánaigh achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh ón Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta os comhair na **Cúirte Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí laistigh de 60 lá** ó fhógra a fháil ón údarás náisiúnta cosanta sonraí faoin bhfreagra ón Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta[21]. Chun achomharc a dhéanamh, féadfaidh an gearánach iarratas a chur faoi bhráid **a (h)údaráis cosanta sonraí** laistigh de 60 lá[22]. Féadfaidh an Chúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí imscrúdú a dhéanamh ar

[13] Aithris 177 den Chinneadh Leordhóthanachta.

[14] Luaitear an méid seo a leanas in Alt E(1)(f) de Threoir 126 maidir leis an bPobal Faisnéise: 'Más rud é go gcinnfidh an tOifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta nach gearán cáilitheach é an gearán toisc nach gcomhlíonann sé coinníollacha Alt E.1.c. ná coinníollacha Alt E.1.d. den Treoir seo, tabharfaidh an tOifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta fógra i scríbhinn, trí **chumarsáid leictreonach chriptithe agus i mBéarla**, don údarás poiblí cuí i stát cáilitheach maidir leis na heasnaimh atá sa ghearán.'

[15] Chun críocha an doiciméid seo, ciallaíonn aon tagairtí don Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta an tOifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta de chuid Oifig an Stiúrthóra um Fhaisnéis Náisiúnta.

[16] Alt 3(c)(i)(E) agus Alt 3(d)(i)(H) d'Ordú Feidhmiúcháin 14086.

[17] Ordú Feidhmiúcháin 14086, Alt 3(c)(i)E.

[18] Ordú Feidhmiúcháin 14086, Alt 3(c)(i)E(1).

[19] Luafar an méid seo a leanas sa fhreagra caighdeánaithe: "*Níor sainaithníodh san athbhreithniú* [ón Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta] *aon sáruithe cumhdaithe, nó d'eisigh an Chúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí cinneadh lena gceanglaítear leigheas cuí*" (Ordú Feidhmiúcháin 14086, Alt 3(c)(i)E).

[20] Alt 3(c)(H)(ii) d'Ordú Feidhmiúcháin 14086.

[21] Is iad na dátaí a chuirfear san áireamh chun a mheasúnú ar cuireadh an t-achomharc isteach laistigh de 60 lá ná an dáta a thug an t-údarás cosanta sonraí fógra don ghearánach faoin gcinneadh ón Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta agus an dáta a chuir an gearánach a (h)achomharc faoi bhráid an údaráis cosanta sonraí.

[22] Aithris 177 den Chinneadh Leordhóthanachta.

ghearáin ó dhaoine aonair san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, lena n-áirítear faisnéis ábhartha a fháil ó dhreamanna de Phobal Faisnéise na Stát Aontaithe, agus féadfaidh sí cinntí leighis ceangailteacha a dhéanamh[23].

Leanfaidh an nós imeachta achomhairc bealach agus nós imeachta atá cosúil le bealach agus nós imeachta an ghearáin tosaigh: Tarchuirfidh an t-údarás cosanta sonraí an t-achomharc, i bhformáid chriptithe, chuig Rúnaíocht EDPB. Ina dhiaidh sin, tarchuirfidh an Rúnaíocht an t-achomharc, i bhformáid chriptithe, chuig an Oifig um Príobháideachas agus Saoirsí Sibhialta de chuid Roinn Dlí agus Cirt na Stát Aontaithe, rud a thacóidh leis an gCúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí athbhreithniú a dhéanamh ar an achomharc.

Rud sonrach, déanfaidh an Chúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí athbhreithniú ar na cinntí a rinne an tOifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta (maidir le cibé acu ar tharla sárú ar aon dlí is infheidhme de chuid na Stát Aontaithe agus maidir leis an leigheas cuí araon) bunaithe, ar a laghad, ar an taifead ar an imscrúdú ón Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta, mar aon le haon fhaisnéis agus aon aighneachtaí a sholáthair an gearánach, an tAbhcóide Speisialta nó aon dream den Phobal Faisnéise[24]. Beidh rochtain ag painéal de chuid na Cúirte Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí ar an bhfaisnéis uile is gá chun athbhreithniú a dhéanamh, ar faisnéis í a fhéadfaidh sé a fháil ón Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta (e.g., féadfaidh an painéal a iarraidh ar an Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta faisnéis bhreise nó cinntí fíorasacha a chur lena t(h)aifead, más gá déanamh amhlaidh ionas gur féidir an t-athbhreithniú a dhéanamh)[25]. Beidh rochtain ag an Abhcóide Speisialta freisin ar an bhfaisnéis uile is gá ionas gur féidir leis/léi cabhrú leis an bpainéal de chuid na Cúirte Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí agus an t-iarratas á bhreithniú aige, lena n-áirítear trí thacú le leas an ghearánaigh sa ní agus trína chinntiú go mbeidh dea-eolas ag an bpainéal ar na saincheisteanna agus aon dlí a bhaineann leis an ní.

Agus an t-athbhreithniú uaithi á thabhairt chun críche aici, féadfaidh an Chúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí:

(1) a chinneadh nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear gur tharla gníomhaíochtaí faisnéise comharthaí i leith shonraí pearsanta an ghearánaigh;

(2) a chinneadh go raibh na cinntí ón Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta ceart ó thaobh an dlí de agus go raibh fianaise shubstaintiúil mar thaca leo; nó

(3) más rud é nach gcomhaontóidh an Chúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí leis na cinntí ón Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta (maidir le cibé acu ar tharla sárú ar aon dlí is infheidhme de chuid na Stát Aontaithe nó maidir leis an leigheas cuí), na cinntí uaithi féin a eisiúint[26].

Is cinneadh ceangailteach críochnaitheach é an cinneadh ón gCúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí i leith an ghearáin atá os a comhair[27]. I gcásanna inar tionscnaíodh an t-athbhreithniú ón gCúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí mar thoradh ar iarratas ón ngearánach[28], tabharfar fógra don ghearánach faoin gcinneadh ón gCúirt Athbhreithnithe. Tar éis don Chúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí an t-athbhreithniú uaithi a chríochnú, tabharfaidh an Chúirt Athbhreithnithe don ghearánach ráiteas caighdeánaithe ina gcuirfear in iúl gur chríochnaigh sí an t-athbhreithniú uaithi agus ina luafar an méid seo a leanas: *"Níor sainaithníodh san athbhreithniú aon sáruithe cumhdaithe, nó d'eisigh an Chúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí cinneadh lena gceanglaítear leigheas cuí*".[29]

---

[23] Alt 3(c)(i)(E) agus Alt 3(d)(i)(H) d'Ordú Feidhmiúcháin 14086.

[24] Aithris 189 den Chinneadh Leordhóthanachta agus Alt 3(d)(i)(D) d'Ordú Feidhmiúcháin 14086.

[25] Aithris 189 den Chinneadh Leordhóthanachta; Alt 3(d)(iii) d'Ordú Feidhmiúcháin 14086 agus Alt 201.9(b) den Rialachán ón Ard-Aighne.

[26] Aithris 190 den Chinneadh Leordhóthanachta agus Alt 3(d)(i)(E) d'Ordú Feidhmiúcháin 14086 agus Alt 201.9(c)-(e) den Rialachán ón Ard-Aighne. De réir an tsainmhínithe ar 'leigheas cuí', mar atá in Alt 4(a) d'Ordú Feidhmiúcháin 14086, ní mór don Chúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí aird a thabhairt ar "na bealaí ina dtugtaí aghaidh de ghnáth ar shárú den chineál a sainaithníodh" agus cinneadh á dhéanamh aici ar bheart leighis chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar shárú,
i.e., breithneoidh an Chúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí, i measc tosca eile, an dóigh ar leigheasadh saincheisteanna comhlíonta den chineál céanna san am atá thart chun a chinntiú go mbeidh an leigheas éifeachtach agus cuí.

[27] Aithris 191 den Chinneadh Leordhóthanachta agus Alt 3(d)(ii) d'Ordú Feidhmiúcháin 14086 agus Alt 201.9(g) den Rialachán ón Ard-Aighne.

[28] De réir Alt 3(d)(i)(B) d'Ordú Feidhmiúcháin 14086, féadfaidh aon dreamanna den Phobal Faisnéise iarratais a thaisceadh freisin ar athbhreithniú ar an gcinneadh ón Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta.

[29] Aithris 192 den Chinneadh Leordhóthanachta agus Alt 3(d)(i)(H) d'Ordú Feidhmiúcháin 14086 agus Alt 201.9(h) den Rialachán ón Ard-Aighne. Maidir le cineál an fhógra, féach Alt 201.9(h)(3) den Rialachán ón Ard-Aighne.

Tarchuirfidh an Chúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí an ráiteas sin, i bhformáid chriptithe, chuig Rúnaíocht EDPB. Ina dhiaidh sin, tarchuirfidh an Rúnaíocht an ráiteas, i bhformáid chriptithe, chuig an údarás cosanta sonraí. Tabharfaidh an t-údarás cosanta sonraí fógra don ghearánach faoin ráiteas ón gCúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí (lena n-áirítear aistriúchán ó Bhéarla, más gá agus a mhéid is gá). Ní dheimhneofar ná ní shéanfar sa ráiteas an raibh an gearánach ina (h)ábhar d'fhaireachas. Ní dheimhneofar ann ach oiread an leigheas sonrach a cuireadh i bhfeidhm. Tarchuirfear gach cinneadh ón gCúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí chuig an Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta freisin[30].

**Cén ról atá ag Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe maidir le faisnéis dhí-rúnaicmithe?**

Rachaidh Roinn Tráchtála na Stát Aontaithe i dteagmháil go tréimhsiúil leis na dreamanna ábhartha den Phobal Faisnéise maidir le cibé acu ar dí-rúnaicmíodh faisnéis a bhaineann leis an athbhreithniú a rinne an tOifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta nó an Chúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí ar ghearán. Más rud é go gcuirfidh aon dreamanna den Phobal Faisnéise in iúl don Roinn Tráchtála gur dí-rúnaicmíodh faisnéis a bhaineann leis an athbhreithniú a rinne an tOifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta nó an Chúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí ar an ngearán, tabharfaidh an Roinn Tráchtála fógra don ghearánach, trí Rúnaíocht EDPB, a tharchuirfidh an fógra sin ansin chuig an údarás cosanta sonraí, á rá gur féidir go mbeidh faisnéis a bhaineann leis an athbhreithniú a rinne an tOifigeach nó an Chúirt Athbhreithnithe, de réir mar is cuí, ar an ngearán uaidh/uaithi ar fáil don ghearánach faoin dlí is infheidhme de chuid na Stát Aontaithe[31]. Dlí amháin den sórt sin is ea Acht na Stát Aontaithe um Shaoráil Faisnéise[32], ar faoina bhun a fhéadfaidh an gearánach iarraidh a chur isteach go díreach chuig Oifig an Stiúrthóra um Fhaisnéis Náisiúnta, chuig an dream ábhartha den Phobal Faisnéise nó chuig an Roinn Dlí agus Cirt (i.e., gan dul tríd an údarás cosanta sonraí ná trí Rúnaíocht EDPB) chun faisnéis dhí-rúnaicmithe a fháil maidir leis an ngearán uaidh/uaithi. Tá treoracha maidir le conas iarrataí a chur isteach faoi Acht na Stát Aontaithe um Shaoráil Faisnéise ar fáil ar na leathanaigh Ghréasáin phoiblí faoi seach[33], ó dhreamanna ábhartha den Phobal Faisnéise agus ón gCúirt Athbhreithnithe um Chosaint Sonraí[34].

Maidir le gearáin ó ábhair sonraí san Aontas Eorpach/sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ina líomhnaítear go ndearnadh sáruithe áirithe ar aon dlí de chuid na Stát Aontaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí faisnéise comharthaí na Stát Aontaithe a rinne difear dá bpríobháideachas féin agus dá saoirsí sibhialta féin agus a bhaineann lena sonraí pearsanta a tarchuireadh ón Aontas Eorpach/ón Limistéar Eorpach Eacnamaíoch chuig na Stáit Aontaithe, ba cheart a thabhairt faoi deara gur cheart iad a chur chuig an Oifigeach um Chosaint Saoirsí Sibhialta, agus chuig an duine sin amháin, agus ní chuig na hoifigí thuasluaite a fheidhmíonn faoi Acht na Stát Aontaithe um Shaoráil Faisnéise.

[30] Aithris 192 den Chinneadh Leordhóthanachta agus Alt 201.9(h) den Rialachán ón Ard-Aighne.
[31] Alt 3(d)(v)(C) d'Ordú Feidhmiúcháin 14086.
[32] Is féidir tuilleadh faisnéise faoi Acht na Stát Aontaithe um Shaoráil Faisnéise a fháil ag https://www.dni.gov/index.php/foia.
[33] https://www.dni.gov/index.php/make-a-records-request.
[34] https://www.justice.gov/opcl/opcl-freedom-information-act.